



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Teastas Sóisearach 2017

Scéim Mharcála

Gaeilge

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíos d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

TREORACHA GINEARÁLTA

1. Le linn na marcála ní mór cloí go dlúth leis an scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gComhdháil Mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gComhdháil nó ina dhiaidh sin.
2. Ní mór don Scrúdaitheoir an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.
3. Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.
4. Ní ceart don Scrúdaitheoir aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte.
5. Dírítear aird an Scrúdaitheora ar a bhfuil i gceist sna treoracha ar leathanaigh 9 & 10 den cháipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil oiriúntas réasúnta ceadaithe dóibh.

PÁIPÉAR 1
(150 marc)

ROINN I

AN TRIAIL CHLUASTUISCEANA

40 MARC

Ní mór na freagraí ar fad a scríobh i nGaeilge ach **amháin** sna cásanna nach bhfuil gá leis. Más léir go bhfuil an freagra ag teacht leis an rud a chuala an t-iarrthóir agus go bhfuil iarracht mhacánta déanta ag an iarrthóir an focal / na focail a litriú go cruinn de réir na foghraíochta, glac leis mar fhreagra.

Cuid A (16 marc)

Ocht mír eolais á lorg, dhá mharc an ceann. **[2 mharc x 8] = 16 mharc.**

Cuid B (12 marc)

Sé mhír eolais á lorg, dhá mharc an ceann. **[2 mharc x 6] = 12 mharc.**

Cuid C (12 mharc)

Sé mhír eolais, dhá mharc an ceann. **[2 mharc x 6] = 12 mharc.**

[A + B + C = 40 marc]

Maidir le heaspa cruinnis, ráitis nach abairtí i gceart iad (nuair a bhíonn a leithéidí á n-éileamh), fíor-dhrochlitriú, srl., is féidir uasmhéid **2 mharc [- 0 / -1 / - 2]** a bhaint den iomlán a ghnóthaigh an t-iarrthóir (as **40 marc**) ag an deireadh.

ROINN II

LÉAMHTHUISCINT

40 MARC

Ceist 1 (40 marc)

Freagair **A agus B** anseo.

A. (20 marc)

Tá cúig cheist, (i) – (v) le freagairt.

Tá **dhá** fhocheist le freagairt i gcás ceisteanna (i) & (ii): (a) 2 + (b) 2 = **[4 mharc x 2] = 8 marc.**

Tá **dhá** mhír eolais á lorg i gcás ceisteanna (iii) & (v): 2+2 = **[4 mharc x 2] = 8 marc.**

Tá mír eolais **amháin** a lorg i gcás ceiste (iv) = **4 mharc**

[4 mharc x 5] = 20 marc

B. (20 marc)

Tá **cúig** cheist, (i) – (v) le freagairt.

Tá **dhá** fhocheist (a) agus (b), le freagairt i gcás ceisteanna (i), (ii) & (iii): (a) 2 + (b) 2 = **4 x 3 = 12 mharc**

Níl ach freagra ceart **amháin** ar cheist (iv) = **4 mharc.**

Níl ach freagra **ceart amháin** ar cheist (v) = **4 mharc.**

[4 mharc x 5] = 20 marc

Maidir le heaspa cruinnis, ráitis nach abairtí i gceart iad (nuair a bhíonn a leithéidí á n-éileamh), fíor-dhrochlitriú, srl., is féidir uasmhéid **2 mharc [- 0 / -1 / - 2]** a bhaint den iomlán a ghnóthaigh an t-iarrthóir (as **40 marc**) ag an deireadh.

Ceist 2 (20 marc)

Freagair A **agus** B anseo.

A. (10 marc)

Tá **cúig** mhír eolais á lorg anseo.

Ná cuirtear an chéad abairt san áireamh.

Bronntar **dhá** mharc ar gach mír eolais atá ceart.

[2 mharc x 5] = 10 marc.

B. (10 marc)

Tá **cúig** mhír eolais á lorg anseo.

Ná cuirtear an chéad abairt san áireamh.

Bronntar **dhá mharc** ar gach mír eolais atá ceart.

[2 mharc x 5] = 10 marc.

A+ B = 20 marc

Treoir: Bheifí ag súil, sa mharcáil anseo, le coibhneas áirithe idir na marcanna d'ionramháil an ábhair agus na marcanna don chumas Gaeilge.

Ceist 3 (50 marc)

Ní gá níos mó ná **leathanach go leith** a scríobh.

Stíl: = 2 mharc

Ábhar: = 8 marc

Gaeilge: = 40 marc

Iomlán: 40 + 8 + 2 = 50 marc.

An dáileadh céanna marcanna atá i gceist i ngach rogha in **A, B agus C.**

PÁIPÉAR II
(90 marc)

ROINN I

PRÓS LITEARTHA

30 MARC

Ceist 1. (15 mharc)

Tá trí cheist le freagairt agus iad ar cómharc.

Tuiscint: 4 mharc x 3 = 12.

Gaeilge: + 3 mharc (+ 3 / + 2 / + 1)

Buntuiscint:

(i) $[2 + 2] = 4$ mharc

(ii) $[2 + 2] = 4$ mharc

(iii) $[2 + 2] = 4$ mharc

Léirthuisicint:

(i) $[2 + 2] = 4$ mharc

(ii) $[2 + 2] = 4$ mharc

(iii) $[2 + 2] = 4$ mharc

Iomlán = $(4 \times 3) + 3 = \underline{\underline{15 \text{ mharc.}}}$

Ceist 2. (15 mharc)

A (i) agus B (i)

Teideal an tsaothair = 1 mharc

Ainm an údair = 1 mharc

Ábhar = 5 mharc

Gaeilge = 8 marc

A nó B = $1 + 1 + 5 + 8 = \underline{\underline{15 \text{ mharc}}}$

Ceist 3. (15 mharc)

Tá trí cheist le freagairt agus iad ar cómharc.

Tuiscint: 4 mharc (4×3) = **12 mharc.**

Gaeilge: 3 mharc ($+ 3 / + 2 / + 1$)

Buntuiscint:

(i) **dhá rud** = $2+2 =$ **4 mharc**

(ii) **dhá chúis** = $2+2 =$ **4 mharc**

(iii) **dhá rud** = $2+2 =$ **4 mharc**

Léirthuisicint:

(i) $[2 + 2] =$ **4 mharc**

(ii) $[2 + 2] =$ **4 mharc**

(iii) $[2 + 2] =$ **4 mharc**

= $(4 \times 3) + 3 =$ **15 mharc**

Ceist 4. (15 mharc)

A (i) agus B (i)

Teideal an dáin = 1 mharc

Ainm an fhile = 1 mharc

Ábhar = 5 mharc

Gaeilge = 8 marc

A nó B: $1 + 1 + 5 + 8 =$ **15 mharc.**

Ceist 5

Tá **A**, **B** agus **C** ar cómharc

- **Foirmlí:** 3 mharc F =
- **Ábhar:** 10 marc Á =
- **Gaeilge:** 17 marc G =

$$3 + 10 + 17 = \underline{\underline{30 \text{ marc.}}}$$

Treoracha maidir le dáileadh marcanna:

1. Na Foirmlí Ceiliúrtha:
- | | |
|-----------------|---------|
| Seoladh: | 1 mharc |
| Beannú: | 1 mharc |
| Críoch: | 1 mharc |

2. Tabhair faoi deara go bhfuil cúig thasc le comhlíonadh i ngach cás. Léigh an litir ó thús deireadh agus breac síos P1, P2, P3, P4, P5 ar an litir féin ag freagairt do na tascanna éagsúla atá le comhlíonadh. Is mar seo a dhéantar an mharcáil ansin:

3.	Eolas	Gaeilge
Na cúig thasc comhlíonta	Marc as 10	Marc as 17
Ceithre thasc comhlíonta	Marc as 8	Marc as 14
Trí thasc comhlíonta	Marc as 6	Marc as 11
Dhá thasc comhlíonta	Marc as 4	Marc as 8
Tasc amháin comhlíonta	Marc as 2	Marc as 5

4. Litreacha neamhfhoirmeálta is ea **A** agus **B**. [Beannú; Críoch]
Litir fhoirmeálta is ea **C**. [Beannú; Críoch]

OIRIÚNTAS RÉASÚNTA

Tá roinnt leasuithe ar an scéim mharcála le cur i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, faofa ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit dóibh. Iarrtar ort na hiarrthóirí seo a mharcáil sa ghnáth shlí, de réir na scéime marcála, agus na leasuithe seo a leanas a chur i bhfeidhm ansin. Ní mór na leasuithe a thaispeáint ar fhreagarleabhair na n-iarrthóirí. Baineann an t-oiriúntas seo le litriú agus le cruinneas gramadaí sna ceisteanna a bhfuil marcanna ar leith ag dul do na nithe sin.

PÁIPÉAR 1 (S.7)

ROINN I	AN TRIAIL CHLUASTUISCEANA	40 MARC
----------------	----------------------------------	----------------

Treoir: ná baintear marc ar bith anseo maidir le Gaeilge lochtach.

ROINN II	LÉAMHTHUISCINT	40 MARC
-----------------	-----------------------	----------------

Treoir: ná baintear marc ar bith anseo maidir le Gaeilge lochtach.

ROINN III	TRIALACHA TEANGA COMHTHÉACSÚLA	20 MARC
------------------	---------------------------------------	----------------

Ceist 2 (20 marc)

Treoir: ar aon dul leis an gnáthscéim mharcála.

ROINN IV	CEAPADÓIREACHT	50 MARC
-----------------	-----------------------	----------------

Ceist 3 (50 marc)

Ábhar: 8 marc. **Stíl:** 2 mharc. **Gaeilge:** 40 marc. $8 + 2 + 40 = 50$ marc.

Treoir: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

10 – 14: + **1.** 15 – 24: + **2.** 25 – 34: + **3.**

35 – 36: + **4.** 37, 38, 39 > **40.**

PÁIPÉAR II (S.8)

ROINN I	PRÓS LITEARTHA	30 MARC
----------------	-----------------------	----------------

Ceist 1.

Trí cheist: **Tuiscint:** 4 mharc.

Gaeilge: 1 mharc.

Treoir: Tugtar an marc don Ghaeilge d'aon iarrthóir a ghnóthaigh marc ar thuiscint.

Ceist 2.

Gaeilge: 8 marc.

Treoir: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

2 – 4: + **1.** 5 – 6: + **2.** 7 > **8.**

Ceist 3.

Trí cheist: **Tuiscint:** 4 mharc.

Gaeilge: 1 mharc.

Treoir: Tugtar an marc don Ghaeilge d'aon iarrthóir a ghnóthaigh marc ar Thuiscint.

Ceist 4.

Gaeilge: 8 marc.

Treoir: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

$$2 - 4: + 1. \quad 5 - 6: + 2. \quad 7 > 8.$$

Ceist 5.

Gaeilge: 17 marc.

Treoir: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

$$4 - 7: + 1. \quad 8 - 11: + 2. \quad 12 - 14: + 3. \quad 15, 16 > 17.$$

Aguisín

Freagraí Eiseamláireacha

N.B. Bíodh na freagraí i nGaeilge ach amháin nuair nach gá sin.

CUID A

AN CHÉAD CHAINTEOIR

1.

Cén chaoi a bhfuil sibh? Ailbhe Nic Óráin anseo. Tá cónaí orm in aice le Tuar Mhic Éadaigh i gContae Mhaigh Eo. Sa bhliain 2002 a saolaíodh mé. Tá beirt deirfiúracha agam, Muireann agus Ursula. Is cúpla iad agus tá siad seacht mbliana déag d'aois. Imrím peil Ghaelach agus is í Córa Standúin an laoch spóirt is rogha liom.

Ainm	<i>Ailbhe Nic Óráin</i>
Cén contae ina bhfuil Tuar Mhic Éadaigh?	<ul style="list-style-type: none"> I gContae Mhaigh Eo. Maigh Eo.
Breac síos an bhliain a saolaíodh Ailbhe.	<ul style="list-style-type: none"> Dhá mhíle agus a dó. 2002.
Cén aois iad deirfiúracha Ailbhe?	<ul style="list-style-type: none"> Seacht mbliana déag. Seacht déag / 17.
Luaigh an spórt a imríonn Ailbhe.	<ul style="list-style-type: none"> Peil Ghaelach. Peil.

2.

AN DARA CAINTEOIR

Ardal Ó Dónaill an t-ainm atá orm. Cónaím i gCionn tSáile i gContae Chorcaí. Is múinteoirí bunscoile iad mo thuismitheoirí. Páiste aonair is ea mé. Is í an eolaíocht an t-ábhar scoile is fearr liom agus imrím eitpheil ag leibhéal cuibheasach ard. D'imir mé ar fhoireann na hÉireann faoi sé bliana déag i gcoinne na Rúise i gcomórtas eitpheile coicís ó shin.

Ainm	<i>Ardal Ó Dónaill</i>
Cá bhfuil cónaí ar Ardal?	<ul style="list-style-type: none"> Cionn tSáile / Corcaigh/Contae Chorcaí.
Cén tslí bheatha atá ag tuismitheoirí Ardail?	<ul style="list-style-type: none"> Múinteoirí bunscoile. Múinteoirí.
Cén t-ábhar scoile is fear leis?	<ul style="list-style-type: none"> Eolaíocht .
Cá bhfios duit go bhfuil Ardal go maith ag imirt eitpheile?	<ul style="list-style-type: none"> D'imir sé ar fhoireann na hÉireann. D'imir sé i gcoinne na Rúise. Is imreoir idirnáisiúnta é (ag an eitpheil). Imríonn sé eitpheil ag leibhéal cuibheasach / cuíosach) ard. Deir sé féin go bhfuil sé go maith ag an spórt sin.

CUID B

1. FÓGRA

Gabh mo leithscéal a mhúinteoirí agus a scoláirí. An Príomhoide ag caint libh. Ní bheidh ceaintín na scoile ar oscailt amárach ná an lá dar gcionn. Beidh cuisneoir nua agus sorn nua á gcur isteach sa chistin. Ach beidh ceapairí agus sólaistí eile ar díol i siopa na scoile ar an dá lá sin. Go raibh maith agaibh.

(a) Cad iad na laethanta a mbeidh ceaintín na scoile dúnta?

- Amárach / an lá dar gcionn.

(b) Luaigh fearas cistine nua amháin a chuirfear sa chistin?

- Cuisneoir nua / Sorn nua.

(c) Cad a bheidh ar díol i siopa na scoile na laethanta a mbeidh an ceaintín dúnta?

- Ceapairí / Sólaistí eile.

2 PÍOSA NUACHTA

Anois seo í Réamhaisnéis na hAimsire ar TG4. Leanfaidh an aimsir fhuar go ceann seachtaine eile ar a laghad. Beidh sioc trom ar fud na tíre anocht agus beidh an teocht chomh híseal le trí chéim celsius faoin reophointe i lár na tíre. Titfidh sneachta ar thailte arda.

(a) Cén sort aimsire a bheith ann go ceann seachtaine?

- Aimsir fhuar.

(b) Luaigh dhá phointe eolais eile i dtaobh na haimsire a bheidh ann anocht.

Dhá phointe eolais as na trí cinn seo a leanas:

- Beidh **sioc** trom ar fud na tíre anocht.
- Beidh an **teocht** chomh híseal le **trí chéim celsius faoin reophointe**.
- Titfidh **sneachta** ar thailte arda.

[**Eile:** Ciallaíonn sé seo nach féidir eolas nó fíric atá sa cheist nó a eascraíonn as an bhfreagra cruinn uirthi in (a) a chur san áireamh mar phointe eolais i gcás ceiste (b) anseo. Tharlódh sé, áfach, go dtabharfaí freagra a mbeadh eolas míchuinn ann ar cheist (a) inghlactha mar phointe eolais ar cheist (b).

An Chéad Mhír

Saoirse:	An bhfuil mé ag labhairt le Ruairí Ó Fiannachta?
Ruairí:	Tá, cinnte, agus an í sin Saoirse Nic Ghiolla Easpaig?
Saoirse:	Bail ó Dhia ort, a thaiscidh. Goidé mar d'aithin tú mo ghlór?
Ruairí:	Tá d'ainm agus d'uimhir i mo fhón ó bhuail muid le chéile ag Oireachtas na Samhna i gCill Airne.

(a) Cá háit ar bhuail Ruairí agus Saoirse le chéile?

- Ag an Oireachtas.
- Cill Airne.

An Dara Mír

Saoirse:	Nollaig shona dhuit, a Ruairí?
Ruairí:	Gurab amhlaidh duitse, a Shaoirse. Goidé mar atá tú?
Saoirse:	Ar mo sháimhín suilt, a Ruairí. Tá mé ag cuidiú le m'athair inniu maisiúcháin na Nollag a chur suas.
Ruairí :	Maith thú! Caithfidh go bhfuil éileamh ort, a Shaoirse, ó bhain tú an chéad duais amach san amhránaíocht ag an Oireachtas?
Saoirse:	Aie! Bhí mé ar RTÉ agus ar Tg4 cúpla uair, ceart go leor

(b) Cén obair a bhí ar siúl ag Saoirse agus ag a hathair an lá sin?

- Bhí siad ag cur suas maisiúcháin na Nollag.
- Bhí Saoirse ag cuidiú lena hathair maisiúcháin na Nollag a chur suas.

(c) Luaigh an comórtas a bhuaigh Saoirse ag an Oireachtas.

- Comórtas Amhránaíochta.
- Amhránaíocht.

An Chéad Mhír

Cearúil:	Tá brón orm, a Fhionnuala, ach níor fhreagair mé an téacs uait.
Fionnuala:	Is cuma faoi, a Chearúil. Nach bhfuilimid ag caint le chéile anois?
Cearúil :	Dúirt tú liom gur bhuail tú le haisteoir cáiliúil sa Daingean inné.
Fionnuala:	Sea! Bhuail mé le Mark Hamil. Sin Luke Skywalker ó Star Wars mar is fearr aithne air.

(a) Cad a dúirt Fionnuala sa téacs a chuir sí chuig Cearúil?

- Gur bhuail sí le haisteoir cáiliúil sa Daingean inné.

An Dara Mír

Cearúil:	Cén fáth a raibh sé sa Daingean?
Fionnuala:	Bhí sé ag tabhairt cuairte ar Fungie.
Cearúil:	Fungie! Bhí mé cinnte go raibh Fungie marbh um an dtaca seo.
Fionnuala:	Tá Fungie, fós, i mbarr a mhaitheasa, cé go raibh timpiste aige an tseachtain seo caite.
Cearúil:	Cén saghas timpiste?
Fionnuala:	Gortaíodh Fungie nuair a bhuail bád faoi agus ghearr lann liáin é.

(b) Cén fáth a raibh ionadh ar Chearúil nuair a luaigh Fionnuala ainm Fungie?

- Bhí sé cinnte go raibh Fungie marbh faoin am seo.

(c) Conas a gortaíodh Fungie?

- Bhuail bád faoi.
- Ghearr lann liáin é.

Scríobh freagraí ROINN II i do fhreagarleabhar.

Ceist 1. Freagair **A** agus **B** anseo.

A (20 marc)

Léigh an píosa iriseoireachta seo agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis. *Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.*

Seo do Shláinte!

1. Ní gá go mbeadh anró ná stró ar bith ag baint le sláinte mhaith a chothú. An rud is deacra ar fad ná nósanna dearfacha bia agus aclaíocht rialta a chleachtadh inár saol laethúil. Tá an aclaíocht riachtanach agus deirtear gur cheart aclaíocht a dhéanamh ar feadh 30 nóiméad gach lá. Ní gá dúinn a bheith in iomaíocht le haon duine nuair a bhímid ag aclú. Tá siúl mear nó damhsa fuinniúil ar bhonn rialta chomh maith le haclaíocht ar bith eile.
2. Tá sé tábhachtach an cothú ceart a fháil más mian linn a bheith sláintiúil. Fásann agus forbraíonn corp an déagóra go sciobtha. Is den riachtanas é, mar sin, go n-íosfadh déagóirí meascán de chineálacha difriúla bia. Ní mór an rogha seo a bheith bunaithe ar na moltaí atá luaite i bpirimid an bhia. Tá sé tábhachtach freisin dhá lítear uisce ar a laghad a ól gach lá agus fanacht glan ar dheochanna siúcra.
3. Is tús maith é bricfeasta folláin a ithe gach maidin. Is roghanna maithe iad leite, tósta, uibheacha, uibheagáin agus torthaí le hiógart orgánach. Ar an dóigh seo, beidh neart fuinnimh ionat le bheith gníomhach agus airdeallach i rith an lae. Ní bheidh tú chomh hocrach ach oiread nuair a thiocfaidh am lóin. Is fiú próitéin a ithe le gach béile mar cuidíonn an phróitéin leis an gcorp bia a bhriseadh síos agus a dhíleá. Is foinsí iontacha próitéine iad sicín, iasc, mairteoil, turcaí, cnónna agus pónairí.
4. Is nós maith é glasraí a ithe le gach béile. Is foinsí iontacha cailciam agus iarainn iad glasraí glasa mar spionáiste agus brocaillí. Maolaíonn glasraí an t-ocras a bhraithimid nuair nach mbímid lán. Is maith ann iad, fiú leo féin, mar smailc i rith an lae. Is maith an cleas é glasraí amha a bheith ullmhaithe roimh ré chun iad a thabhairt leat i do bhosca lóin seachas a bheith ag ceannach sólaistí siúcra. Tá cairéad, piobar milis agus soilire breá blasta am ar bith in ionad bia beagmhaitheasa.
5. Is maith an tseift í cúpla béile sláintiúil a ullmhú nuair a bhíonn cócaireacht ar bun. Is féidir iad a chur i mboscaí stórála go dtí go dteastaíonn siad. Is féidir iad a reo sa reoiteoir ar feadh tréimhse fada fiú. Is furasta ceann de na béilí sláintiúla sin a bheith agat ansin nuair a bhíonn ocras ort. Seachain bia déanach san oíche mar ní bhíonn an corp in ann an bia sin a úsáid agus stóráiltear sa chorp mar shail é. Deirtear nach fearr bia ná ciall ach i dteannta a chéile is fearr do shláinte.

Ceisteanna (iad ar cómharc)

(i)(a) Cad é an rud is deacra maidir le sláinte mhaith a chothú?

- Nósanna dearfacha bia.
- Aclaíocht rialta.

(i)(b) Cén chomhairle a chuirtear ar dhaoine maidir le deochanna a ól?

- Dhá lítear uisce ar a laghad a ól gach lá.
- Fanacht glan ar dheochanna siúcra.

(ii)(a) Cén tairbhe a bhaineann le bricfeasta folláin a ithe?

- Tús maith é le haghaidh an lae.
- Neart fuinnimh ionat i rith an lae.
- Bheith airdeallach i rith an lae.
- Ní bheidh tú chomh hocrach sin ach oiread nuair a thiocfaidh am lóin.

(ii)(b) Cén fáth ar fiú próitéin a ithe le gach béile?

- Cuidíonn an phróitéin leis an gcorp bia a bhriseadh síos agus a dhíleá.

(iii) Luaigh dhá chúis a bhfuil glasraí sláintiúil mar bhia.

- Maolaíonn glasraí an t-ocras a bhraithimid nuair nach mbímid lán.
- Is foinsí iontacha cailciam iad glasraí.
- Is foinsí iontacha iarainn iad glasraí.

(IV) Cén fáth ar fiú cúpla béile a ullmhú nuair a bhíonn cócaireacht ar siúl?

- Is féidir iad a stóráil i mboscaí sa chuisneoir.
- Is féidir iad a úsáid nuair a bhíonn gá leo.
- Bíonn siad áisiúil nuair a bhíonn brú / deifir / deabhadh orainn.
- Is féidir iad a chur i mboscaí stórála go dtí go dteastaíonn siad uainn.
- Is furasta béile sláintiúil a bheith againn má bhíonn ocras orainn.

(v) Breac síos dhá chúis ar chóir bia a sheachaint déanach san oíche.

- Ba choir bia a sheachaint déanach mar:
 - (i) ní bhíonn an corp in ann an bia sin a úsáid.
 - (ii) stóráiltear sa chorp mar shaill an bia a itear go déanach san oíche.

B (20 marc)

Léigh an píosa iriseoireachta seo agus freagair na ceisteanna a ghabhann leis.

Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.

Aistear ar Bord Traenach

1. Bhí mé ar saoire i Meiriceá le gairid. Nuair a bhí mo shaoire á pleanáil agam, mheas mé go mbeinn tinn tuirseach tar éis dom a cúig nó a sé cinn d'éitiltí a chur díom in achar gearr. Samhlaigh é! Scuiní fada ag na seicphointí slándála! Suíocháin ar bord eitleáin agus mé sáinnithe iontu! Agus an mhoill a bhaineann le haerfoirt! Shocraigh mé go ndéanfainn an chuid dheireanach de m'aistear ar bord traenach.
2. Rinne mé mo chuid taighde. Tá rogha láithreán gréasáin agus aipeanna ar fáil chuige. D'aimsigh mé an t-eolas a bhí uaim. Thabharfadh traen Amtrak ó Washington D.C. go Miami mé. Ocht n-uaire an chloig is fichead a thógfadh an turas. Shocraigh mé an t-aistear a bhriseadh suas ina dhá chuid agus oíche amháin a chaitheamh in Columbia, Carolina Theas. Chosain an ticéad traenach \$174 orm.
3. Ar aghaidh liom chuig Union Station i gcroílár Washington D.C. Léim mé ar bord an Silver Star, traen de chuid Amtrak. Bhí gach carráiste chomh mór agus chomh compordach le seomra suite. Bhraith mé ar mo shócúlacht. Ghluais an traen trí fhóraisí tiubha Virginia agus trí bhailte beaga codlatacha in Carolina Thuaidh. Sna bailte codlatacha sin agus an ghrian ag dul faoi, chonaic mé páistí agus seandaoine ina seasamh in aice leis an mbóthar iarainn ag féachaint ar an traen ag dul thar bráid. Ba léir go raibh an traen ar an rud ba shuimiúla a chonaic siad an lá sin.
4. Bhí paisinéirí ag teacht ar bord agus paisinéirí ag imeacht ar feadh an lae ach faoin am ar thit an oíche bhí mé liom féin sa charráiste. Thosaigh stoirm thintrí agus thoirní. Lasadh an tintreach an timpeallacht ó am go chéile agus bhíodh radharc agam ansin ar an tírdhreach lasmuigh. Bhain mé triail as dreas scríbhneoireachta a dhéanamh ar an aistear ach ní raibh aon rath orm, faraor. Bhain síorluascadh na traenach creathadh as an mbord beag. Tá barúil agam go n-éireodh níos fearr liom san Eoraip. Bíonn traenacha na hEorpa níos socra ar a gcuid rothaí.
5. Is minic a rinne mé an t-aistear idir Éirinn agus mo thír dhúchais, an Ísiltír, ar thraen agus ar bhád. An chéad uair eile a bheidh mé san Eoraip b'fhéidir go dtógfaidh mé an traen go Heilsincí nó go Búdaipeist nó go Liospóin. Cá bhfios nach scríobhfaidh mé gearrscéal faoin aistear má bhíonn an traen níos socra ar a gcuid rothaí ná traen úd Amtrak.

Ceisteanna (iad ar cómharc)

(i)(a) Breac síos locht amháin atá ar an eitleán mar mhodh taistil, dar leis an údar.

- Cuirtear moill fhada ort ag aerphort.
- Bíonn scuainí fada ag na seicphointí slándála.
- Bíonn tú sáinnithe i do suíochán ar bord eitleáin.

(i)(b) Cá fhad a thógfadh an turas traenach idir Washington agus Miami?

- Ocht n-uaire an chloig is fichead.
- Dhá lá.

(ii)(a) Cén fáth ar bhraith an t-údar ar a shócúlacht ar an traen?

- Bhraith sé compordach ar an traen.
- Bhí neart spáis aige sa charráiste.
- Bhí gach carráiste chomh mór le seomra suite.

(b) Cad a chonaic an t-údar sna bailte beaga codlatacha?

- Is é an rud a chonaic an t-údar sna bailte codlatacha sin ná páistí agus seandaoine ina seasamh in aice leis an mbóthar iarainn ag féachaint ar an traein ag dul thar bráid agus an ghrian ag dul faoi.
- Chonaic sé na daoine, idir óg agus aosta, bailithe le chéile in aice leis an mbóthar iarainn ag feachaint ar an traein ag dul thart toisc nach raibh aon rud níos suimiúla le déanamh acu.

(iii)(a) Cén buntáiste a bhain leis an stoirm thintrí?

- Is é an buntáiste a bhain leis an stoirm thintrí ná gur thug solas na tintrí deis don údar an dúiche taobhamuigh a fheiceáil.
- Lasadh an tintreach an timpeallacht ó am go chéile agus bhíodh radharc ag an údar ansin ar an tírdhreach lasmuigh.

(iii)(b) Cén chúis nár éirigh leis an údar mórán a scríobh le linn an turais?

- Is í an chúis nár éirigh leis an údar mórán a scríobh ná gur bhain síorluascadh na traenach creathadh as an mbord beag ar a raibh sé ag scríobh.
- Bhí an bord ar a raibh sé ag scríobh ag crith le linn na gluaiseachta toisc go raibh an bóthar iarainn míchothrom.

(IV) Cén t-alt sa sliocht thuas a dtagraíonn an abairt seo a leanas dó?

‘Bhí an t-údar críochnúil ina chuid ullmhúchán i gcomhair an turais traenach.’

- Freagra: **Alt 2**

(V) Cén t-alt sa sliocht thuas a dtagraíonn an abairt seo a leanas dó?

‘Bhí raidhse spáis ar an traein ag an údar tar éis luí na gréine.’

- Freagra: **Alt 4**

Scríobh freagraí ROINN III i do fhreagarleabhar.

Ceist 2. Freagair **A** agus **B** anseo.

A (10 marc)

Scríobh sé an cuntas thíos san Aimsir Chaite. Léigh an cuntas agus athscríobh i fhreagarleabhar é. Cuir na briathra atá sa chlóg trom san **Aimsir Fháistineach**.

Sampla: Beidh sár-oíche ag gach aon duine sa Sugar Club i mBaile Átha Cliath.

Freagraí

Baileoidh siad le chéile le haghaidh 'Gradaim Cheoil 2015'.

Cuirfidh an grúpa IMLÉ tús leis an oíche.

Gheobhaidh siad an duais do 'Núíosach na Bliana'.

Bronnfar an chéad duais ar an amhránaí bisiúil as Dún na nGall, Eve Belle.

Cloisfidh/Cluinfidh an lucht éisteachta togha an cheoil ó bhannaí agus ó amhránaithe ar feadh na hoíche.

B (10 marc)

Anseo thíos tá giota téacs faoin leon, Cecil, a maraíodh in 2015.

Athscríobh na habairtí i do fhreagarleabhar.

- Líon na bearnaí leis an bhfocal is oiriúnaí sna habairtí **2, 3, 4** agus **5** thíos.
 - Aimsigh aidiacht **amháin** in abairt a **6** thíos agus scríobh i do fhreagarleabhar í.
1. **An Sampla:** Is gráin le daoine i gcoitinne an **tseilg** a dhéantar ar ainmhithe fiáine.
 2. Cuireann sé as go mór **do** dhaoine áirithe go dtugtar spórt air seo.
 3. Bhí déistin ar dhaoine **nuair** a maraíodh an leon fireann, Cecil, dhá bhliain ó shin.
 4. Bhí na leoin agus a **gcoileáin** ag cur fúthu i bPáirc Náisiúnta Hwange i Zimbabwe.
 5. Goineadh Cecil le saighead. Maraíodh é dhá **lá** ina dhiaidh sin.
 6. Aidiacht = **Brónach**

Scríobh freagraí ROINN IV i do fhreagarleabhar.

Ceist 3. Freagair do rogha **ceann amháin** de **A, B, C**, anseo thíos.
(Ní gá níos mó ná leathanach go leith a scríobh.)

Stíl: 2 mharc	S (2) =	} <u>lomlán: 2 + 8 + 40 = 50 marc.</u>
Ábhar: 8 marc.	Á (8) =	
Gaeilge: 40 marc.	G (40) =	

A. AISTE nó ALT NUACHTÁIN / IRISE

Scríobh ar do rogha **ceann amháin** díobh seo:

- (i) Nuair a bhuaigh mé an duais mhór.
- (ii) Fón póca – buntáistí agus míbhuntáistí!
- (iii) Is aoibhinn liom an deireadh seachtaine.
- (iv) Cóisir a bhí agam i mo theach nuair a bhí mo thuismitheoirí as baile.
- (v) Laethanta saoire a chaith mé thar sáile.

B. SCÉAL / EACHTRA

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:

- (i) Ceap scéal a mbeadh an giota seo thíos oiriúnach mar **thús** leis:

Ní raibh ach dhá nóiméad fágtha sa chluiche. Bhíomar chun deiridh.
Ansin tháinig an liathróid i mo threo ...
- (ii) An uair a chuaigh mé féin agus mo chara ar strae i gcathair Bhaile Átha Cliath.

C. DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID

Maidir le do rogha **ceann amháin** de na rúin seo thíos, scríobh an chaint a dhéanfa i ndíospóireacht scoile ar son **nó** in aghaidh an rúin sin:

- (ii) Is cur amú ama í obair bhaile.
- (iii) Tá saol na ndaoine óga ar fheabhas ar fad.

Páipéar II

ROINN I

PRÓS LITEARTHA

30 MARC

Ceist 1. Léigh go cúramach an sliocht athchóirithe seo as an úrscéal **An Túr Solais** le **Ríona Nic Congáil**.

Freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leis.

Ní mór ceist **amháin** a roghnú as **A** agus ceist **amháin** a roghnú as **B**.

Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A nó** as **B**.

Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.

(15 mharc)

An Rún Mór

1. Bhí rún mór ag Áine Ní Shí ina croí istigh. Rinne sí iarracht éalú ón rún mór sin ar feadh a saoil, agus d'éirigh go maith léi go dtí gur chuir sí fúithi i mBaile Beo lena cuid páistí, Luan agus Saoirse. Áit dheas chiúin in aice na farraige ba ea Baile Beo. Níor tharla aon rud as an ngnáth ann riamh go dtí gur tháinig Áine Ní Shí ar an bhfód. Ní raibh aon dá lá mar an gcéanna i mBaile Beo as sin amach.
2. Ach cérbh í an bhean seo, Áine Ní Shí? Ar an gcéad dul síos síog ba ea í. Chuir sí fúithi i mBaile Beo toisc go raibh sé in aice na farraige. Ón áit sin, bhí sí in ann a tír dhúchais, Tír na mBan, a fheiceáil. Oileán draíochta álainn is ea Tír na mBan. Níl fear ar bith ina chónaí i dTír na mBan. Is mná ar fad iad na síoga atá ann. Is mná ar fad iad na saighdiúirí, na feirmeoirí agus na draoithe.
3. Níor leag duine daonna cos ar Thír na mBan leis na céadta bliain ach amháin an fear a phós Áine Ní Shí. Chaith seisean a shaol ag seoltóireacht. Lá amháin, sula raibh aon aithne ag Áine air, bhí sé amuigh ar an bhfarraige le linn stoirme. Scríosadh an bád agus fágadh ar chósta Thír na mBan é. Gabhadh láithreach é. Tugadh os comhair na banríona, Mamó Dhána, é. Caitheadh isteach i dTúr an tSolais ansin é. Príosún i bpálás na banríona ba ea Túr an tSolais. Ba í Mamó Dhána máthair Áine Ní Shí. Bhí féith an ghrinn san fhear agus chum sé amhrán ag déanamh ceap magaidh de Mhamó Dhána. Chan sé na focail os ard: 'Nach bhfuil an bhanríon gránna. Tá sí cosúil le bó. Ach tá a hiníon, Áine, go hálainn. Éalóidh mé le hÁine gan stró'.
4. Bhí an Bhanríon ar buile nuair a chuala sí an véarsaíocht mhagaidh seo. Níor thaitin sé léi a bheith ina ceap magaidh i measc a muintire féin. Shíl sí, ar chúis éigin, go raibh baint ag a hiníon féin, Áine, leis. Ar an ábhar sin, chaith sí Áine isteach i dTúr an tSolais in éineacht leis an bhfear. B'in an chéad uair a chonaic Áine fear. Shíl sí go raibh an fear seo dathúil. Bhí ball seirce, breicne mhór dhubh, faoina shúil aige agus thit sí i ngrá leis ar an bpointe boise. Tar éis tamaill agus mórán eachtraí, d'éalaigh an bheirt acu as Túr an tSolais agus tháinig siad go hÉirinn. Pósadh iad agus rugadh mac agus iníon dóibh.
5. Níor thaitin Áine Ní Shí leis na mná eile i mBaile Beo. Chuir sí faitíos orthu. Chasaidís timpeall chomh luath agus a d'fheicfidís Áine ag teacht ina dtreo agus a gruaig fhada rua ag eitilt timpeall uirthi. Bhíodh na mná ag cúlchaint fúithi go rialta. 'Is cailleach í an bhean sin go cinnte,' a dúirt Bean Uí Riain lá. Bhí na mná eile ar aon intinn léi. Rinne Áine a dícheall a bheith cairdiúil leis na mná i mBaile Beo ach níor chaith siad go maith léi. Ní raibh sí cosúil leo agus b'in an fáth nár ghlac siad léi. Thuig Áine é sin go maith. Ach bhí go leor le déanamh aici agus níor bhac sí le mná Bhaile Beo, beag ná mór. Chaith sí formhór mór a cuid ama ag tabhairt aire dá páistí. Bhí Luan aon bhliain déag d'aois agus ba leanbh bídeach í Saoirse.

Ceisteanna (iad ar cómharc)

A (Buntuisicint)

(i) Tabhair dhá phointe eolais i dtaobh Bhaile Beo. (Alt 1 & Alt 2)

- **Áit dheas chiúin** ba ea Baile Beo.
- Bhí sé **in aice na farraige**.
- Níor tharla aon rud as an ngnáth ann riamh.

- Nuair a tháinig Áine Ní Shí chun cónaithe i mBaile Beo ní raibh aon dá lá mar an gcéanna ann as sin amach.
- Bhí radharc ón áit / ó Bhaile Beo ar Thír na mBan.

(ii) Tabhair dhá phointe eolais i dtaobh Mhamó Dhána. (Alt 3 & Alt 4)

- Ba í Mamó Dhána **máthair Áine Ní Shí**.
- **Banríon Thír na mBan** ba ea Mamó Dhána.
- **Ceannaire dian** ba ea í. Ghabh sí an fear agus cuireadh é i bpriosún i dTúr an tSolais.
- **Bullaí, Tíoránach / Deachtóir** ba ea í mar chaith sí a a iníon féin, Áine, isteach sa Túr mar shíl sí go raibh baint aice leis an amhrán magaidh a chum an fear a bhí i dTúr an tSolais fúithí.
- Ní raibh féith an ghrinn inti mar chuir an t-amhrán magaidh olc uirthi.

(iii) Cén fáth a gcuireadh Áine Ní Shí faitíos ar na mná eile i mBaile Beo? Is leor dhá phointe eolais. (Alt 5)

- Is é an fáth a gcuireadh Áine Ní Shí faitíos ar na mná ná go **raibh gruaig fhada rua uirthi**. Deirtí sa seanchas go raibh sé mí-ádhmhar casadh le bean le gruaig rua. Dá mbeadh bean rua ag teacht i do threo bheadh ort casadh timpeall agus dul sa treo eile chun an mhí-ádh a sheachaint.
- Is é an fáth go gcuireadh Áine Ní Shí faitíos ar na mná ná gur shíl siad gurbh **cailleach** í.
- Chuireadh Áine Ní Shí faitíos ar na mná mar **ní raibh sí cosúil leo**.
- Chuireadh Áine Ní Shí faitíos ar na mná mar **bhí sí neamhspleach orthu**.
- Chuireadh Áine Ní Shí faitíos ar na mná mar **níor bhac sí leo**.

B (Léirtheiscint)

(i) Déan cur síos gairid i d'fhocail féin ar fhear céile Áine Ní Shí.

- Deirtear linn gur chaith an fear seo a shaol ag **seoltóireacht**. Lá amháin bhí sé amuigh ar an bhfarrage **le linn stoirme**. Scríosadh an bád ina raibh sé agus **fágadh é ar chósta Thír na mBan**. **Gabhadh é** agus cuireadh i **bpriosún** é. Bhí sé **cróga** agus níor chuir Banríon na tíre sin faitíos air. Bhí **féith an ghrinn** ann agus **chum sé amhrán** ina ndearna sé ceap magaidh den Bhanríon. **Bhuail Áine**, iníon na Banríona, **leis** sa phriosún. Tugtar le fios go raibh an fear seo **dathúil**. Bhí ball seirce, breicne mhór dhubh, faoina shúil aige agus **thit Áine i ngrá leis** ar an bpointe boise. **D'éalaigh** Áine agus an fear seo ó Thúr an tSolais agus ó Thír na mBan. **Pósadh iad** agus bhí **beirt pháiste** acu. Cá raibh a fear céile nuair a shocraigh Áine síos i mBaile Beo. Is dócha go raibh sé as baile ag seoltóireacht. Tugtar le fios dúinn gur chaith Áine formhór a cuid ama ag tabhairt aire dá páistí.

(ii) Tabhair cuntas gairid i d'fhocail féin ar Thír na mBan.

- **Oileán draíochta** álainn ar chósta Bhaile Beo is ea Tír na mBan. **Tír dhúchais Áine** Ní Shí is ea í. Is **mná amháin** atá ina gcónaí ann. Fágann sé sin gur **mná iad na saighdiúirí, na feirmeoirí agus na draoithe** atá ar an oileán. Is **síoga** iad na mná seo. Ní raibh fear ná duine daonna i dTír na mBan le fada an lá ach amháin fear céile Áine Ní Shí. Is í **Mamó Dhána**, máthar Áine Ní Shí **banríon na tíre**. Tá priosún ar an oileán. **Túr an tSolais** an t-ainm a atá air.

(iii) 'Níor chaith na mná eile i mBaile Beo go maith le hÁine.' Pléigh an tuairim seo, i d'fhocail féin.

- Rinne mná Bhaile Beo gach iarracht **Áine Ní Shí a sheachaint**. Shíl siad go raibh **mí-ádh** ag baint léi agus go raibh sí **éagsúil leo**. Nuair a d'fheicidís í ag teacht ina dtreo ag a **gruaig fhada rua** ag séideadh sa ghaoth chasaidís timpeall agus théidís sa treo eile. Ní bhíodh aon bhaint acu léi. Shíl siad gur **cailleach** í. Bhíodh mná Bhaile Beo ag **cúlchaint** faoi Áine an t-am ar fad. Rinne **Áine** gach aon iarracht a bheith **cairdiúil le mná na háite** ach ba iarrachtaí in aisce iad. **Maistíneacht agus bullaíocht** den chéad scoth ba ea iompar na mná seo i leith Áine.

A

- (i) Ainmnigh gearrscéal Gaeilge *nó* úrscéal Gaeilge *nó* dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna *téama* i gceist ann is atá sa sliocht i **gCeist 1**.

Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.

- (ii) Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin gcineál sin *téama*.

nó

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil sa sliocht i **gCeist 1** faoin *téama* úd agus a bhfuil faoin *téama* céanna sa saothar atá ainmnithe agat.

B

- (i) Maidir le do rogha **ceann amháin** de *na saghsanna áite* seo a leanas, ainmnigh gearrscéal Gaeilge *nó* úrscéal Gaeilge *nó* dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil *an saghas sin áite* i gceist ann.

Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.

(a) Áit chairdiúil (b) Áit rúnda (c) Áit dúchais

(d) Áit álainn (e) Áit scanrúil (f) Áit cháiliúil

- (ii) Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin *saghas áite* atá roghnaithe agat.

Nóta: I gcás **A** nó **B** thuas, tá cead agat chomh maith dráma Gaeilge a ainmniú ar ghlac tú páirt ann le linn do chúrsa.

A (i) agus B (i) Teideal an tsaothair	= 1 mharc	} <u>15 mharc</u>
Ainm an údair	= 1 mharc	
A (ii) agus B (ii) Ábhar	= 5 mharc	
Gaeilge	= 8 marc	

$$\mathbf{A \text{ nó } B = 1+1+5+8 = \underline{15 \text{ mharc}}}$$

Ceist 3. Léigh an dá dhán thíos: **Beatha an Scoláire** le Róise Ní Ghráda agus **Timpeallán na Bó Deirge** le Pilib Ó Brádaigh. Freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leo.

Ní mór ceist **amháin** a roghnú as **A** agus ceist **amháin** a roghnú as **B**.

Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A** nó as **B**.

Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.

(15 mharc)

Beatha an Scoláire	Timpeallán na Bó Deirge
<p>Ar an Aoine, 13 Deireadh Fómhair, 2003 bhí scoláire ollscoile ag déanamh a shlí go dtí a árasán aonair ar Bhóthar na dTreabh.</p> <p>3. Ní raibh ar a phearsa ar Aoine an mhí-ádha ach an dá leabhar seo a luaimse a n-ainmneacha:</p> <p>6. The Da Vinci Code ina lámh dheas luascach agus Cré na Cille, lena chlúdach breá crua, i bpóca brollaigh a sheaicéid leathair.</p> <p>9. Chuaigh sé isteach i mbialann Shíneach, agus d'ordaigh sé curáí le rís agus pónairí nuair a bhuail robálaí an doras isteach</p> <p>12. agus scaoil rois philéar leis na ballaí.</p> <p>Ach scinn piléar amháin d'éadan scátháin gur bhuail sé an scoláire sa chliabhrach,</p> <p>15. díreach san áit a raibh Cré na Cille neadaithe.</p> <p>Cad é an scanradh a bhuail an robálaí nuair a shíl sé go raibh an scoláire maraithe</p> <p>18. agus rug sé a chosa leis go beo as an mbialann!</p> <p>Ceannteideal barrúil i gceann de na páipéir a tharraing aird an phobail air mar scéal:</p> <p>21. 'Sábhálann leabhar crua beatha an scoláire.'</p>	<p>Bhí mé ag tiomáint ar an M50, gar do Thimpeallán na Bó Deirge, nuair a thug mé carr faoi deara, é stoptha ar an ngrua chrua, a shoilse rabhaidh</p> <p>4. ag scaladh tríd an gceo agus bean taobh thiar de</p> <p>ag fógairt lena geáitsí lámh go raibh cabhair uaithi. Tharraing mé i leataobh. 'Ní féidir leis an timpeallán a láimhseáil,' ar sí. Bhí seisean ina shuí sa charr, gan hóm ná hám as a bhéal, greim an fhir bháite aige ar</p> <p>8. an roth stiúrtha, a aghaidh chúthail dearg le náire. 'Bóthar Nás na Rí atá uainn,' ar sí. Thuig mé dóibh. Is iomaí timpeallán nár éirigh liom féin a láimhseáil.</p> <p>12. 'Leanaigí mé a chairde. Rachaimid an bealach atá</p> <p>ar eolas agaibh,' a dúirt mé leo go séimh cáiréiseach. Thógamar an bóthar ó Theach Mealóg go Tamhlacht, uaidh sin siar ó dheas ar Bhóthar Belgard go Crosaire</p> <p>16. an Fhearainn Nua, taobh tíre a bhí ar eolas acu.</p>

Ceisteanna (iad ar cómharc)

A (Buntuisicint)

(i) Luaigh **dhá rud** i dtaobh na háite a raibh an scoláire ina chónaí ann sa dán *Beatha an Scoláire*.

- Bóthar na dTreabh an t-ainm atá air.
- Bhí an Scoláire ag cur faoi in 'árasán aonair' ann.
- Bhí bialann Shíneach ar an mbóthar nó congarach dó.
- Ní raibh an áit rófhada ón ollscoil.

(ii) Luaigh **dhá chúis** ar tharraing an file i leataobh ar an M50 sa dán *Timpeallán na Bó Deirge*.

- Thug na nithe seo le fios don bhfile go raibh rud éigin cearr: **carr lena shoilse rabhaidh ar lasadh stoptha ar am ngrua chrua** den mhótarbhealach; **bean ina seasamh taobh thiar den charr** ag iarraidh aird a tharraingt uirthi féin **lena geáitsíocht lámh**. Ar an ábhar sin tharraing an file i leataobh chun **lámh chúnta a thabhairt don bhean**.

(iii) Luaigh dhá rud a rinne an robálaí sa dán *Beatha an Scoláire*.

- Bhuaile an robálaí isteach i mbialann Shíneach chun airgead a ghoid.
- Scaoil sé rois philéir le ballaí na bialainne ag iarraidh scanradh a chur ar na daoine.
- Tháinig eagla air nuair a cheap sé gur mharraigh sé duine de na custaiméirí.
- D'fhág sé an bialann faoi dheifir agus é sceimhlithe ina bheatha.

B (Léirthiscint Ghinearálta)

(i) Scríobh cuntas gairid i d'fhocail féin ar an scoláire sa dán *Beatha an Scoláire*.

An Scoláire

Scoláire ollscoile a bhí ann. Bhí sé ina chónaí in 'árasán aonair' ar **Bhóthar na dTreabh**. Bhí sé ar **a bhealach abhaile** ón ollscoile ar an **Aoine, 13 Deireadh Fómhair, 2003**. Bhí **dhá leabhar** aige, **The Da Vinci Code** agus **Cré na Cille**. Tá an cuma air go bhfuil sé sona sásta, a lámh dheas ag luascadh go neamhbhuartha, é ag súil leis an deireadh seachtaine agus leis an mbéile Shíneach a bheidh aige ar ball. Ar an mbealach abhaile chuaigh sé isteach i **mbialann Shíneach** agus d'ordaigh sé **béile**. Nuair a bhí sé ag fanacht leis an mbéile tháinig **gadaí** isteach agus scaoil sé '**rois philéir** leis na ballaí'. Scinn **piléar amháin** d'aghaidh scatháin agus **bhuaile sé an scoláire san áit a raibh Cré na Cille aige** 'i bpóca brollaigh a sheaicéid leathair'. Bhí **clúdach crua** ar an leabhar agus ní dheachaigh an piléar tríd. Bhí **cuntas** faoin eachtra **sa pháipéar** agus dúirt an ceannteideal a bhí leis an gcuntas gur shabháil 'leabhar crua' beatha an scoláire.

(ii) Scríobh cuntas gairid i d'fhocail féin ar an mothúchán is láidre atá sa dán *Timpeallán na Bó Deirge*.

Mothúcháin is láidre sa dán:

frustrachas agus mífhoighne na mná; náire an fhir;
cineáltas; comhbhá; grá; séimhe an fhile

Frustrachas agus mífhoighne: Mothaímid an frustrachas agus an mhífhoighne in iompar agus glór na mná atá ina seasamh taobh thiar den charr. Ní féidir leis an tiomanaí, an fear atá sa charr, Timpeallán na Bó Deirge a láimhseáil. Cloisimid an frustrachas agus an mhífhoighne i nglór na mná. Is é an focal 'leis' san abairt 'Ní féidir leis an timpeallán a láimhseáil,' a léiríonn na mothúcháin seo. Tá an abairt gear, borb agus b'fhéidir maslaitheach. Shílfeá go raibh sí ag iarraidh an fear atá sa charr a náiriú os comhair an tsaoil. Tá frustrachas agus mífhoighne léirithe freisin sa ráiteas 'Bóthar Nás na Rí atá uainn'. Shílfeá go raibh sí a rá go bhfuil a fhios ag an saol mór cá bhfuil Bóthar Nás na Rí.

Náire: Is é an fear sa charr 'gan hóm ná hám as a bhéal' agus 'greim an fhir bháite aige ar an roth stiúrtha,' agus 'a aghaidh chúthail dearg le náire' a léiríonn an náire sa dán. Is dócha go gceapann sé go bhfuil a fhearúlacht féin a ceistiú. Is léir go ngortaíonn an abairt neamhphearsanta 'Ní féidir leis an timpeallán a láimhseáil' go mór é. Chomh maith leis seo tá náire air nach féidir leis rud chomh bunúsach le timpeallán a láimhseáil. Léiríonn tost agus ciúnnas an fhir an gortú agus an náire a bhraitheann sé.

Cineáltas/ comhbhá/grá/ séimhe: Tá cineáltas/ comhbhá/grá/ séimhe léirithe ag an bhfile sa dán. Ar an gcéad dul síos tharraing sé i leataobh chun lámh chúnta a thabhairt do na daoine a bhí i gcruachás. Nuair a mhínigh an bhean cad í an fhadhb a bhí acu, thuig an file dóibh mar gurbh iomaí timpeallán nár éirigh leis féin a láimhseáil. Labhair an file leis na daoine i nglór a bhí 'séimh' agus 'cairiseach'. Léirigh an file cineáltas nuair threoraigh sé na daoine ansin go Crosaire an Fhearrainn Nua mar thuig sé go mbeadh eolas na slí acu ina dhiaidh sin.

(iii) **Roghnaigh íomhá amháin as dán amháin thuas agus mínigh an íomhá sin i d'fhocail féin.**

Íomhá: = pictiúr i bhfocail.

Más léir go bhfuil an t-iarrthóir ag trácht ar ghné[ithe] den dán a mhúsclaíonn smaointe nó mothúcháin inti/ann ar leibhéil nó bríonna eile seachas an chiall réalaíoch atá ag an dán glac leis gur ag tagairt don íomháineacha sa dán atá sí/sé.

Beatha an Scoláire: Ádh agus mí-ádh; saoirse agus sonas an scoláire;

Ádh agus mí-ádh

Cuireann an file íomhá den ádh agus den mhí-ádh a bhaineann le saol an duine go minic os ár gcomhair. Tharla an eachtra seo 'ar an Aoine 13 [Deireadh Fómhair]' nó 'Aoine an mhí-ádha' mar a thugann an file air sa dán. Ansin bhí an scoláire sa bhialann Shíneach ag an am mí-cheart nuair a 'scaoil' an gadaí 'rois philéar leis na ceithre bhallaí'. Tá an cuma air nach raibh an gadaí ach ag iarraidh scanradh a chur ar na daoine. Ach féach cad a tharla. 'Scinn piléar amháin d'éadan scátháin' agus go mí-ámharach 'bhuaile sé an scoláire sa chliabhrach'. Ach bhí an t-ádh leis an scoláire mar bhuaile an piléar é 'díreach san áit a raibh Cré na Cille lena chlúdach breá crua' aige 'i bpóca brollaigh a sheaicéid leathair' agus níor gortaíodh é.

Sonas an Scoláire

Cuireann an file íomhá den scoláire os ár gcomhair anseo a thugann le fios dúinn go raibh an scoláire ollscoile seo sona sásta leis féin go dtí gur tharla an eachtra a tharla dó sa bhialann Shíneach. Feicimid é ag siúl abhaile, a lámh dheas ag luascadh go neamhbhuartha lena thaobh ag súil go mór leis an deireadh seachtaine agus ag súil b'fhéidir le The Da Vinci Code nó Cré na Cille a léamh nó a phlé lena chairde. Tá sé ag súil freisin lena bhéile Síneach. Tá árasán dá chuid féin aige ar Bhóthar na dTreabh. Tá gach cuma ar an scéal go raibh an scoláire breá sásta lena shaol an tráthnóna Aoine seo.

Timpeallán na Bó Deirge:

An saol mar thuras. / An turas ina mheafar ar bheatha an tsaoil. / An dán mar fhabhalscéal agus an file mar Shamáireach Fóna.

Tá mótarbhealach cosúil le saol duine. Seasann an turas ar an mótarbhealach do bheatha an duine. Le linn an turais feiceann an file duine eile i gcrúachas mar nach féidir léi/leis timpealláin na beatha / fadhbanna an tsaoil, a láimhseáil. Bíonn siad tarraingthe isteach ar ghrua chrua na beatha ag lorg cabhrach. Tá rogha aige. Is féidir leis leanacht ar aghaidh lena thuras féin nó tarraingt i leataobh agus lámh chúnta a thabhairt di/dó. Tá go leor daoine nach dtabharfadh faoi deara crúachas an duine eile mar ní bhíonn aon ní ag cur as dóibh ach a saol féin. Is cuma leo faoi dhaoine eile. Caithfidh faire amach do dhaoine eile sa saol seo agus caithfear é sin a dhéanamh le cineáltas agus tuiscint. Má thugtar treoir cháiréiseach do dhaoine atá cailte nó imithe amú ní fada go mbíonn siad ar ais ar an mbóthar atá ar eolas acu agus muinín acu astu féin arís. Is Samáireach Fóna é an file agus is fabhalscéal nua-aimseartha atá inste sa dán.

Ceist 4. Freagair **A** nó **B** anseo. (Ní gá níos mó ná **leathleathanach** a scríobh.) **(15 mharc)**

A

- (i) Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna *ábhair* i gceist ann is atá i do rogha ceann **amháin** den dá dhán i g**Ceist 3** thuas.

Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.

- (ii) Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil faoin gcineál sin *ábhair* sa dán atá ainmnithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file os ár gcomhair é.

nó

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil faoin *ábhar* úd sa dán atá roghnaithe agat as **Ceist 3** agus a bhfuil faoin *ábhar* céanna sa dán atá ainmnithe agat.

B

- (i) Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil do rogha ceann **amháin** de na *hábhair* seo thíos i gceist ann.

Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.

(a) Séasúr

(b) Tragóid

(c) Saol na scoile

(d) Spórt

(e) Peata tí

(f) An teaghlach

- (ii) Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán sin faoin *ábhar* atá roghnaithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file na *hábhair* sin os ár gcomhair.

A (i) agus B (i)

Teideal an tsaothair

= 1 mharc

Ainm an údair

= 1 mharc

A (ii) agus B (ii) Ábhar

= 5 mharc

Gaeilge

= 8 marc

15 mharc

A nó B = 1+1+5+8 = 15 mharc

5. Freagair **A** nó **B** nó **C** anseo thíos. (Ná gá níos mó ná **leath leathanach** a scríobh).

Tá **A**, **B** agus **C** ar cómharc

- **Foirmlí:** 3 mharc
- **Ábhar:** 10 marc
- **Gaeilge:** 17 marc

3 + 10 + 17 = 30 marc.

Treoracha maidir le dáileadh marcanna:

- | | | |
|---------------------------------|-----------------|---------|
| 1. Na Foirmí Ceiliúrtha: | Seoladh: | 1 mharc |
| | Beannú: | 1 mharc |
| | Críoch: | 1 mharc |

2. Tabhair faoi deara go bhfuil cúig thasc le comhlíonadh i ngach cás. Léigh an litir ó thús deireadh agus breac síos P1, P2, P3, P4, P5 ar an litir féin ag freagairt do na tascanna éagsúla atá le comhlíonadh. Is mar seo a dhéantar an mharcáil ansin:

3.	Eolas	Gaeilge
Na cúig thasc comhlíonta	Marc as 10	Marc as 17
Ceithre thasc comhlíonta	Marc as 8	Marc as 14
Trí thasc comhlíonta	Marc as 6	Marc as 11
Dhá thasc comhlíonta	Marc as 4	Marc as 8
Tasc amháin comhlíonta	Marc as 2	Marc as 5

5. Litreacha neamhfhoirmeálata is ea **A** agus **B**. [Beannú; Críoch]
Litir fhoirmeálta is ea C.

A

Bhí ceiliúradh speisialta i do scoil le déanaí. Scríobh litir chuig do chara faoin gceiliúradh.

I do litir luaigh

- an fáth a raibh an ceiliúradh i do scoil
- **dhá** phointe eolais faoin mbaint a bhí agat féin leis an gceiliúradh
- **dhá** phointe eolais eile i dtaobh an cheiliúrtha.

B

Bhuail tú féin le duine de do laochra le déanaí. Scríobh litir chuig do chara faoin ócáid sin.

I do litir luaigh

- **dhá** phointe eolais faoin laoch
- **dhá** phointe eolais faoi na rudaí a tharla nuair a bhuail tú leis an duine seo
- rud **amháin** a tharla a raibh díomá ort mar gheall air.

C

Bhí scéal faoi dhéagóirí i nuachtán náisiúnta le déanaí a chuir isteach ort. Scríobh an litir a chuirfeá chuig eagarthóir an nuachtáin faoin scéal.

I do litir luaigh

- pointe eolais i dtaobh an scéil
- **dhá** thuairim dhiúltacha a bhí sa scéal faoi dhéagóirí
- **dhá** thuairim dhearfacha uait féin i dtaobh déagóirí nach raibh sa scéal.